

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI06

**Téama**

Gníomhaíocht ranga (GR). Pléfidh na daltaí cuid de na fíricí a bhaineann leis an gcoincheap maidir leis an 'trádáil chothrom' a bhíonn idir náisiúin fhorbartha agus náisiúin i mbéal forbartha.

**Cuspóirí**

Feasacht a leathnú maidir le saincheisteanna domhanda a bhaineann le trádáil agus forbairt; spreagadh a thabhairt

do dhaltaí smaoinemh ar na tionchair a bhíonn ag a gcuid gnásanna ceannacháin ar dhaoine ar fud an domhain.

**Snáitheanna Curaclaim**

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil Dhaonna; Saincheisteanna trádála agus forbartha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór

**Scileanna**

Ag léitheoireacht, ag ceistiú, ag breathnú, ag plé, ag aithint, ag tagairt

**Am**

20-30 nóiméad le fíricí a léamh; 20 nóiméad le táblaí a phlé

**Nascadh le Scoileanna Glasa**

Feasacht maidir le pobail eile ar fud an domhain agus an nasc atá acu leis an imshaoil.

# Ag vótáil le do chosa

## CUMHACHT AN TOMHALTÓRA AGUS TRÁDÁIL CHOITHROM

**CAD A THEASTÓIDH UAIT**

- Bileog fíricí faoi iamh
- Tábla freagraí
- Pinn luaidhe agus páipéar

**CAD A DHÉANFAIDH TÚ**


- 1 Priontáil amach an bhileog fíricí atá faoi iamh agus gearr iad ionas go mbeidh gach fíric ar pháosa amháin páipéir as féin. B'fhéidir go mbeifeá ag

iarraidh iad a ghreamú ar chairtchlár nó iad a lannú ionas go mairfidh siad níos faide.

- 2 Tabhair na fíricí do dhaltai difriúla sa rang.
- 3 Iarr ar gach dalta a bhfíric a léamh amach os ord don rang in ord uimhreach.

- 4 Tar éis do na fíricí a bheith léite, iarr ar na daltaí an tábla atá faoi iamh a líonadh isteach.

- 5 Téigh chuig [www.fairtrade.ie](http://www.fairtrade.ie) agus féach an roinn Producers le haghaidh scéalta faoi tháirgeoirí Trádáil Choithrom. Smaoinigh ar na freagraí do na ceisteanna sa tábla i gcás na dtáirgeoirí sin.



## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI06

ar leanúint →

### Ar aghaidh leat

- 1** Seiceáil d'ollmhargadh áitiúil nó do shiopa áitiúil. An bhfuil seacláid, caifé nó tae Trádáil Chothrom acu? Mura bhfuil cén fáth nach scríobhann an rang litir ag insint d'úinéirí na siopaí an tábhacht a bhaineann le trádáil chothrom agus iarr orthu roinnt táirgí trádála cothroime a chur ar na seilfeanna.
- 2** Cén fáth nach mbíonn lá Trádála Cothroime agat i do scoil-se? D'fhéadfá dul i dteagmháil le Fairtrade Mark Ireland nó féachaint ar a láithreán gréasáin [www.fairtrade.ie](http://www.fairtrade.ie) le haghaidh tuilleadh eolais a fháil ar tháirgí trádáil chothrom.

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI06

## FREAGRAÍ – PREASCHOMHAD AR THRÁDÁIL CHOTHROM

Grúpaí nó daoine aonair a bhfuil baint acu leis an scéal	Cad a cheapfaidís
Feirmeoir caifé	
Duine a bhíonn ag baint tae	
Bainisteoir siopa a bhfuil táirgí trádála cothrom aige/aici	
Comhlacht mór caifé as an Eoraip	
Bainisteoir ollmhargadh mór	

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI06

### FÍRICÍ AR THRÁDÁIL CHOTHROM

#### Uimhir 1

Níl an aimsir sách te ná sách marbhánta in Éirinn le caifé, cócó ná tae a fhás ann. Mar gheall air sin ceannaímid tae agus caifé ó thíortha eile. Go príomha is tíortha i Meiriceá Theas, san Afraic agus san Áis a tháirgíonn caifé agus tae

#### Uimhir 2

Níl na praghsanna a íocann comhlachtaí caifé i réigiúin saibhre mar an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh leis na feirmeoirí sin ardaithe i ndáiríre le dhá scór bliain anuas.

#### Uimhir 3

Tá na praghsanna a íocann feirmeoirí ar innealra agus ábhair bailithe suas, ach níl an t-airgead a shaothraíonn siad.

#### Uimhir 4

Bhí éifeacht mhór ag an bpraghas íseal a bhí ar chaifé sna 1990adaí ar go leor feirmeoirí, agus iad ag dul i bhfiacha dá bharr, agus cuid acu ag cailleadh a gcuid talún ar fad.

#### Uimhir 5

Thriail go leor feirmeoirí níos mó barraí a tháirgeadh nuair a bhí na praghsanna íseal ar chaifé, tae agus cócó agus iad ag iarraidh a n-ioncam a choinneáil.

Úsáidtear go leor leasachán agus lotnaidicídí sa chineál seo feirmeoireachta, rudaí a dhéanann go leor damáiste don ithir agus don imshaol agus déanann sé dochar freisin do na daoine a bhíonn ag obair leis na barraí.

#### Uimhir 6

Fástar tae go hiondúil ar phlandálacha. Bíonn go leor daoine ag teastáil le haghaidh tae a fhás le bheith ag piocadh duilleoga tae. De bhrí gur beag athrú atá tagtha ar phraghas an tae le os cionn dhá scór bliain, íocann úinéirí plandálacha pá an-íseal leis an dream a bhíonn ag piocadh duilleoga lena chinntiú go ndéanann siad brabús éigin ar a gcuid duilleoga tae.

#### Uimhir 7

Tharraing eagraíochtaí ar nós Trócaire agus Oxfam aird cúpla bliain ó shin ar chomh míchothrom agus a bhí trádáil an tae agus chaifé faighte. Thosaigh siad ag ceannach an chaifé díreach ó fheirmeoirí ag praghsanna níos fearr agus á dhíol le tomhaltóirí (mise agus tusa) tríd a gcuid siopaí. Tugtar trádáil chothrom ar socrú mar sin.

#### Uimhir 8

Oibríonn trádáil chothrom trí:

- cheannach díreach ón bhfeirmeoir nó ó eagraíochtaí áitiúla. Cinntíonn sé sin go bhfaigheann na hoibrithe an brabús.

- phraghas cinnte a thabhairt d'fheirmeoirí, nach dtitfidh fiú amháin má thiteann an praghas ar fud an domhain.
- bhrú a thógáil de na feirmeoirí a bhíonn ag iarraidh an iomarca a fhás, agus mar sin ag tabhairt deise dóibh níos lú leasachán agus lotnaidicídí a úsáid agus tae a fhás ar bhealach a bheidh cineálta don imshaol.
- Conradh fadthéarmach a shocrú leis na feirmeoirí, ag tabhairt deise dóibh airgead a infheistiú i gcúrsaí oiliúna agus aire a thabhairt dá gcuid oibrithe agus dá bhfoireann.

#### Uimhir 9

Dá mhéid daoine a cheannaíonn earraí trádála chothrom is amhlaidh is fearr a bheidh an córas trádála. De bhrí go ndéanann formhór daoine a gcuid siopadóireachta in ollmhargaí, tá sé tábhachtach go mbeadh earraí trádála cothroime le fáil sna siopaí sin le deis a thabhairt do dhaoine na hearraí a cheannach.

#### Uimhir 10

I 1989 bhí an Ísiltír ar an gcéad thír lipéad trádála cothroime a sheoladh. De bhrí go raibh an lipéad trádáil chothrom in ollmhargaí - an áit is mó a ndéanann daoine siopadóireacht - bhí a fhios ag daoine go raibh na táirgí a bhí siad a cheannach ceannaithe ar théarmaí Trádáil Choithrom. Tá Marc TRÁDÁIL CHOTHROM amháin in úsáid anois

## CÚRAM IMSHAOIL

## Gníomhaíocht CI06

ar leanúint →

i gcuid mhaith tíortha, agus baint ag ocht gcinn déag de thíortha le táirgí Trádáil Chothrom a dhíol.

### Uimhir 11

Agus muid ag cinneadh táirgí trádála cothroime a cheannach bímid ag tabhairt tacaíochta d'fheirmeoirí agus do theaghlaigh i dtíortha atá i mbéal forbartha. Táimid chomh maith leis sin ag tabhairt aire dár n-imshaol trí bhia a cheannach gur féidir a fhás gan aon dochar a dhéanamh don timpeallacht. Tugann na príomhcharthanachtaí ar fad sa Tríú Domhain tacaíocht do Thrádáil Chothrom agus díolann siad na táirgí tríd a gcuid siopaí.

### Uimhir 12

Is éard atá i gceist le vótáil le do chosa ná ag léiriú gur farr leatsa táirgí trádála cothroime trína gceannach. Má roghnaímid ar fad earraí trádála cothroime a cheannach ansin smaoinoidh déantóirí eile caifé a gcuid táirgí a dhéanamh le trádáil chothrom chomh maith.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar Fair Trade Ireland [www.fairtrade.ie](http://www.fairtrade.ie)

